

Mór mo chuid do chumhaidh Taidhg

[McKenna, L.: *Aithdioghluid Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 6]

Tadhg Óg Ó hUiginn cct

1 Mór mo chuid do chumhaidh Taidhg,
sgaoilteach uirré i ngach éanaird;
a-tá mé fa chiaigh cumhadh,
rem ré biaidh ar beathughadh.

2 An céadghuth do-chuala mé
ar bhás Taidhg truagh an chuimhne;
'n-a dhiaidh gémadh saoghlach sinn
biaidh an t-aonghuth im inntinn.

3 Truagh mar thargamar a ceilt
oighidh laoich Locha Deirgdeirc;
nochar léigeas a lomadh
an céidfhios do-chualomar.

4 Oighidh ríogh rátha Bréanainn
dom aimhdheoin do aidéamhuinn;
do loisg sin m'fheoil agus m'fhuil
toisg fhir an sgeoil le sgéaluibh.

5 Céadfhocal do chanas ris
"sirim ort gan a aithris
go bhfaghbhar a haird oile
marbhadh Taidhg, a theachtoire."

6 Deimhin marbhta mic Gráinne
fuaras - ní fáth lúthgháire;
ní héidir a séana soin
sgéala an chéidfhir ó chianoibh.

7 Tre mhac Cathail na gciabh nocht
ní loigh m'intinn ar ábhocht;
áineas nach cead lem chridhe,
beag thráigheas dar dtuirseine.

8 Easbhaidh chruidh ná díoth daoine
ní sgéal orum a éagcaoine;
a Dhé, is cumhang an chumha
gan mé d'fhulang m'easbhadha.

9 Is cian ó chumhaidh fhallsa
an toirse a-tá oramsa;

gan éanduine gum fheitheamh
ar ndéaraine dáilfithear.

10 Mar shaoilim ní do dhul di
tuilleadh tig ar mo thuirse;
créad acht síon ag aithreodh inn
fa-ríor ní aithreogh mh'intinn.

11 Meisde m'fhulang uime soin
dó as taoisge thugas m'aontaidh;
ní bhí acht céadtoil im chridhe
ní um nach féadtar foisdine.

12 Móide mo chuid dá chumhaidh
mac Cathail Í Chonchubhair
nír an mé - mairg nach dearna! -
re ré Taidhg ag tighearna.

13 Re linn Taidhg - truagh an mealladh! -
cách 'n-ar gceann do chuireamar;
gan toirrim ar m'aire ann
ní raibhe a n-oirchill agam.

14 Liaide do lucht ar n-ionnlaigh
mo threise ar Ó dToirdhealbhaigh;
is uaimhneach a fhear dána
ón tseal uaibhreach anára.

15 Uadha a-táthar ag teacht ruinn
mé a ollamh 's a fhear cumuinn;
nír shaoil mé nachar mhaith dhamh
ar chaith sé d'aoibh re a ollamh.

16 Mairg do fhuair mar fhuair mise
muirn tighearna thairise;
i ndóigh an anshóigh d'fhagháil
cóir an anóir d'iongabháil.

17 Beannacht Dé i ndiaidh a anma
cara an aosa ealadhna;
ar n-anáirne ga fhult chas
ní a hucht fhoráilmhe uaras.

18 Ónóir ar eagla náire
do-chím nach cúis lúthgháire;
an mhuirn tabhuigh ní bhí ar bun
ní tabhair í acht le huamhan.

19 Dá mbeinn i measg a mhac ríogh

ní chuirfeadh oram imshníomh;
sinn ar saobhshruth is é thug
gan mé i gcaomhthuch na gcarad.

20 Aithnim gomadh aoibhne dhamh
dá mbeinn ag breith na roghan
gémadh mór anóir fhallsa
sódh an anshóigh oramsa.

21 Do chonnac ní cian ó shin
mo charaid uile i n-éintigh;
reacht nach biu mar do bhámair
tearc do-chiu dom chompánaibh.

22 Och do b'urusa a aithne
- caidhe cúis a fhiarfaighthe? -
ar gcomhráithne, a Dhé, ar n-a dhul
mé is mo chombráithre cumhadh.

23 Do hoileadh mé - meisde dhamh -
ó aois leinbh ag laoch Cruachan
ar fhalaigh dar méid meanma
léig i n-aghaidh m'oileamhna.

24 Tugais doimheanma 'n-a díol
mo mhoirn ó mhac an airdríogh,
a bhfuair mé d'aoibhneas ón fhior
sé dá dhaoirmheas fa dheireadh.

25 Fiche bó do-bheireadh dhamh
ar gach nduain - dia do chunnradh;
gémadh céad bó do bhronnadh
ar n-éag dó do dhíolomar.

26 Do-gheibhinn uadh fhiche bó
léig i n-aghaidh an annró
an tslat fháinne do fhuair mé
ó mhac Gráinne uair eile.

27 Do réidhigh rí Ó Meadhbha
is móide mo mhímheanma
na snadhma fa deacra dhó
ar dteachta a dtarbha teasdó.

28 Do-ghéabhadh inmhe a athar
ó leith Cuinn gan chumhgachadh
nach reacht mar do uair oighidh
ag teacht d'uain dá hionnsoighidh.

29 Bás eile a ionnshamhail soin
fuair mac ríogh don fhéin Ultaigh
suil fhuair tarbha a ghníomh ngoile
damhna ríogh Ó Rudhroidhe.

30 Congbhais Meadhbh macraidh Uladh
do chogadh ar Chonchubhar,
clann sheanRosa do bhí a-bhus
rí na feadhiosa Fearghus.

31 Cormac Conluingeas leo sin;
do chogadh tre chloinn nUisnigh
ar losain an trír do thuit
an tír fa chosaibh Cormuic.

32 “Tigeadh Cormac dar gcabhair”
rádh Uladh d’éis Chonchabhair;
“déanam feasda” ar fian Eamhna
“a riar ó theasda ar dtighearna.”

33 Do Chruachain do cuireadh fios
ar ceann Chormaic Conluingeas;
“tiomsóighidh” ar na teachta
“d’ionnsóighidh bhur n-oidhreachtá.

34 “Bheith i gCruachain nír chóir dhuit
d’éis Chonchubhair, a Chormuic;
síol Rudhraidhe thall a-tá
gut urnaidhe ón tann theasdá.”

35 Tug Mac Róigh rí na heachtra
do Chormac cead imtheachta;
do aontoigh d’uaim Ó Rosa
mar uair aontaidh Fhearghusa.

36 Tángadar a tigh Meadhbha
i dtimchioll a dtighearna
an uairsin cath nó dá chath
a-mach d’uaislibh na nUltach.

37 Líonais fuath ga bhfaicsin sin
Meadhbh inghean Eochach Fheidhligh;
glór Meadhbha ris na Mainibh
slógh na hEamhna d’ionnsóighidh.

38 I ndiaidh Chormaic chuirid brath
teaghlach inghine Eachach;
ucht ar Midhe sa madain
a lucht tighe tugadair.

39 Marbhthar le macraidh Sionna
ar múnadh mná Oiliolla
i dtigh brughadh d'iath Uisnigh
triath Uladh an adhuighsin.

40 Goin Taidhg a-támaid do mheas
re bás Chormaic Conloingeas
meise i gcás ón dara cuid
do bhás na deise a-dearmuid.

41 Mór d'aisdear is d'iomghoin te
fuair Tadhg i dtimchioll Chairbre
a lucht na togha, an truagh libh
a dhola uadh i n-aisgidh?

42 Súil Gaoidheal re dteacht dar dtaigh
maidean mharbhtha mheic Chathail
mar támaid is truagh an dál
's ar námhaid uadh 'n-a n-éanár.

43 Maidean áitheasach oile
tug Tadhg um Thráigh n-Eothoile;
d'éis mhaidne ar dTaidhgne gun trágh
ar bhfaidne ó Chairbre is claochládh.

44 Do-chuamar le hÓ gCréidhe
ar chreich Thulcha an Toirrléime
- mall ar gcéimne leis an gcion -
's na héighmhe thall 'nar dtimchiol.

45 Do loisg Cairbre siar go sál
tug maidhm i gCoill an Chlochán;
tug eidhir Ó Néill a-noir
a ngeimhil ón fhéin Ultoigh.

46 Ba Ceara le céibh na sgath
creacha troma i dTír Fhiachrach
ós re tuireamh a-tá mé
ní sguireabh go lá Luighne.

47 Tug do mhuinte aisdir fhada
creich mhóir ó Mhac Diarmada
gér mhór easbhaidh bó um Bhaoille
fa mó an chreachsain Chulmhaoile.

48 Maidean eile dá éis soin
tugadh le mac mic Cathoil
as-teach i measg Ó Maine

creach do mheasg an machaire.

49 D'éis chuarta um choille Luighne
fa gnáth le géis Modhairne
airgne do chur ar an gcoill
do chrudh Chairbre 's an Choroinn.

50 Mór mbráighead thánaig dar dtigh,
mór do chreachuibh nach cumhduighidh,
go bhfuair guin nír gabhadh rinn;
ní fhuil taradh 'n-a dtuirim.

51 Torchair mac inghine Airt,
'n-a éachtaibh anba an díoghailt;
ní thig tráth ar ndula dhó
na lugha [a] chách mo chumho. Mór.